Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10787/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0228(COD)**

**UK 176**
**TRANS 472**
**CODEC 1082**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 402 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 402 final.

Faoi iamh: COM(2021) 402 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2021
COM(2021) 402 final

2021/0228 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Chun an nascacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar a áirithiú, mheas reachtóir an Aontais go bhfuil sé fíorthábhachtach go leanfaidh na gnóthais iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe de bheith ag oibriú trí Nasc Seasta Mhuir nIocht[1].

Chuige sin, agus chun a chur ar a chumas don Bhallstát lena mbaineann na bearta is gá a dhéanamh chun nascacht a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais, le Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], cuirtear síneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 le tréimhse bhailíochta na gceadúnas arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe faoi Threoir 2012/34/AE[3]d'oibreoirí iarnróid atá bunaithe ina críoch, mar aon le tréimhse bhailíochta na gceadúnas sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach do na gnóthais sin faoi Threoir 2004/49/CE[4], Coimisiún arna bhunú de bhun Airteagal 10 den Chonradh idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na Fraince maidir le tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann lamhálaitóirí príobháideacha, arna shíniú in Canterbury an 12 Feabhra 1986 ('Conradh Canterbury').

Le Rialachán (AE) 2020/2222, cuireadh síneadh le tréimhse bhailíochta an údaraithe sábháilteachta le haghaidh bhainisteoir bonneagair Nasc Seasta Mhuir nIocht arna heisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach sin go dtí an 28 Feabhra 2021.

An 10 Samhain 2020, chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontú trasteorann leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 14(3) de Threoir 2012/34/CE arb é is cuspóir dó a cheadú do ghnóthais iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe úsáid a bhaint as an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht chomh fada le stáisiún agus críochfort trasnaithe teorann Calais-Fréthun (an Fhrainc), gan ceadúnas a fháil faoi Threoir 2012/34/AE ó údarás ceadúnúcháin de chuid an Aontais. Tar éis an chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú trasteorann sin a thabhairt i gcrích, cuireadh an dréacht-téacs in iúl don Choimisiún an 1 Meitheamh 2021.

An 15 Meitheamh 2021, chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontú trasteorann leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 10(9) de Threoir (AE) 2016/798[5] arb é is cuspóir dó a cheadú do na gnóthais iarnróid sin úsáid a bhaint as an mbonneagar sin chomh fada leis an stáisiún agus críochfort

---

[1] Is iad Eurostar International Limited (EIL), DB Cargo UK agus GB Railfreight na gnóthais iarnróid a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nIocht.

[2] Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht (*IO L 437, 28.12.2020, lch. 43)*

[3] Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (*IO L 343, 14.12.2012, lch. 32)*

[4] Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (*IO L 164, 30.4.2004, lch. 44, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh)*

[5] Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (*IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)*

trasnaithe teorann sin, gan deimhniú sábháilteachta aonair a fháil ón Aontas i gcomhréir leis an Treoir sin. Táthar ag súil go dtabharfar an chaibidlíocht ar an gcomhaontú trasteorann seo chun críche i gcaitheamh mhí Lúnasa 2021.

Tá gá le breis ama chun na nósanna imeachta foirmiúla a cheanglaítear faoi dhlí an dá Pháirtí a thabhairt chun críche maidir le cur i bhfeidhm sealadach nó teacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin. Táthar ag súil go gcuirfear síneadh leis na nósanna imeachta sin go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, 6 mhí tar éis dháta éaga na mbeart teagmhasachta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is ionstraimí iomchuí iad an dá chomhaontú trasteorann chun cuspóirí Rialachán (AE) 2020/2222 a ghnóthú, eadhon leanúnachas oibríochtaí na n-oibreoirí iarnróid lena mbaineann a áirithiú. Mar sin féin, mura gcuirtear síneadh lena dtréimhse bhailíochta ionas gur féidir na comhaontuithe sin teacht i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go sealadach, ní bheidh ceadúnais agus deimhnithe sábháilteachta na n-oibreoirí iarnróid thuasluaite bailí a thuilleadh ón 30 Meán Fómhair 2021 agus tiocfaidh deireadh le hoibríochtaí, rud a chuirfidh isteach go mór ar iompar paisinéirí agus lasta trasna Nasc Seasta Mhuir.

Dá bhrí sin, is é leas an Aontais é síneadh a chur le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin go dtí an 31 Márta 2022.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo ceaptha a bheith ina *lex specialis*, lena rachfar i ngleic le cuid de na himpleachtaí a bheidh ann ós rud é nach bhfuil feidhm ag dlí an Aontais a thuilleadh maidir leis an Ríocht Aontaithe agus ós rud é, mura bhforáiltear a mhalairt, nach mbeidh na deimhnithe agus na húdaruithe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach bailí a thuilleadh faoi dhlí an Aontais amhail ón 30 Meán Fómhair 2021. Is amhlaidh atá i gcás ceadúnais oibríochta arna n-eisiúint ag údarás ceadúnúcháin na Ríochta Aontaithe. Tá an síneadh atá beartaithe teoranta go docht don mhéid is gá chuige sin, ionas nach gcuirfear isteach go mór ar oibríochtaí trasteorann agus tá sé ceaptha freisin gan feidhm a bheith aige ach ar feadh tréimhse teoranta ama. Leanfaidh forálacha ginearálta Threoir (AE) 2016/798, lena ndearnadh Treoir 2004/49/CE, mar aon le Treoir 2012/34/AE, a aisghairm, d'fheidhm a bheith acu cé is moite de sin. Ar an gcaoi sin tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach leis an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Baineann an togra le sábháilteacht agus nascacht iarnróid, lena gcomhlánaítear Treoir (AE) 2016/798, lena ndearnadh Treoir 2004/49/CE mar aon le Treoir 2012/34/AE a aisghairm. Is é an rún atá ag an méid sin leanúnachas na seirbhísí iarnróid trasteorann leis an Ríocht Aontaithe a áirithiú tar éis an 30 Meán Fómhair 2021.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ós comhlánú é an togra ar an reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana agus go bhfuil forálacha ann lenar fusa iad a chur i bhfeidhm go hordúil tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, is le gníomh ar leibhéal an Aontais amháin is féidir cuspóir an togra a ghnóthú.

- **Comhréireacht**

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/2222 bearta chun leanúnachas sheirbhísí iarnróid trasteorann an Aontais leis an Ríocht Aontaithe a chosaint.

An síneadh atá beartaithe a chur le ré na mbeart, gan athrú a dhéanamh ar a raon feidhme ná ar a n-ábhar murach sin, ní rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun gur féidir leis na comhaontuithe trasteorann arna gcaibidliú ag an mBallstát lena mbaineann teacht i bhfeidhm, agus áiritheofar ar an gcaoi sin go ngnóthófar an cuspóir thuasluaite. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an beart comhréireach.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é gur ionstraim leasaitheach é seo, ní mór dó a bheith i bhfoirm na hionstraime a leasaíonn sí, eadhon Rialachán (AE) 2020/2222. Dá bhrí sin, is cosúil gurb é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an t-aon chineál gnímh dlí a bheadh fónta.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní infheidhme dó sin ós rud é go n-áiritheofar leis na bearta atá beartaithe chun cuspóirí Rialachán (AE) 2020/2222 eadhon maolú a dhéanamh ar imeacht eisceachtúil sealadach aonuaire a ghnóthú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar dheireadh thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/2222 mar a leagtar amach in Airteagal 8 de, iarrtar leo síneadh a chur leis na bearta, a d'iarr an Fhrainc i bpróiseas ina raibh baint ag na gnóthais iarnróid lena mbaineann.

I bhfianaise na práinne le haghaidh gníomhaíochta ón Aontas, ní mór idirghabháil láithreach rialála a dhéanamh chun leanúnachas na n-oibríochtaí i Nasc Seasta Mhuir nIocht a áirithiú, rud a chuireann mórshrianta ar an bhféidearthacht tuairimí an phobail a lorg maidir leis an togra.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinneadh anailís dhlíthiúil agus theicniúil inmheánach ar an bhfaisnéis sin chun a áirithiú go sroichfear cuspóirí an togra leis na bearta a bheartaítear ann, agus tá sé teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ó rud é gur cás eisceachtúil é agus gur beart gearrthéarmach atá beartaithe. Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair agus dlí de, ach amháin an rogha atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chur i bhfeidhm ná ar chosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní infheidhme dó seo de bhrí gur beart gearrthéarmach atá ann.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2020/2222 maidir le:

(a) údaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach faoi Airteagal 11 de Threoir 2004/49/CE do bhainisteoir bonneagair Nasc Seasta Mhuir nIocht;

(b) deimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach faoi Airteagal 10 de Threoir 2004/49/CE do ghnóthais iarnróid atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a úsáideann Nasc Seasta Mhuir nIocht;

(c) ceadúnais arna n-eisiúint faoi Chaibidil III de Threoir 2012/34/AE do ghnóthais iarnróid arna mbunú sa Ríocht Aontaithe agus a úsáideann bonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí thollán Mhuir nIocht.

I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2222, bhí na húdaruithe sábháilteachta fós bailí go ceann dhá mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin (go dtí an 28 Feabhra 2021, dá réir sin).

Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe, síneadh a chur le bearta teagmhasacha maidir le bailíocht deimhnithe agus ceadúnas sábháilteachta. Is é an 31 Márta 2022 an tréimhse bhailíochta atá beartaithe.

2021/0228 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[7],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an nascacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a áirithiú[8], mar aon le leanúnachas oibríochtaí na ngnóthas iarnróid atá bunaithe agus ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a oibríonn i Nasc Seasta Mhuir nIocht, le Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], cuireadh síneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 le tréimhse bhailíochta na gceadúnas arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe faoi Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]d'oibreoirí iarnróid atá bunaithe ina críoch, chomh maith le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe sábháilteachta arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Idir-Rialtasach do na gnóthais sin faoi Threoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], ar Coimisiún é a

---

6 IO C , , lch. .

7 IO C , , lch. .

8 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

9 Rialachán (AE) 2020/2222 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht, IO L 437, 28.12.2020, lch. 43.

10 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid, IO L 343, 14.12.2012, lch. 32

11 Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir

bunaíodh de bhun Airteagal 10 den Chonradh idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na Fraince maidir le tógáil agus oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann lamháltóirí príobháideacha, a síníodh in Canterbury an 12 Feabhra 1986.

(2) Le Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], tugtar de chumhacht don Fhrainc agus don Ríocht Aontaithe comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus Oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht ('Conradh Canterbury') a dhéanann Lamháltóirí Príobháideacha a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm rialacha sábháilteachta iarnróid laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht. Mar sin féin, níor tugadh aon chomhaontú i gcrích go fóill nó ní dócha go dtabharfar i gcrích é go luath.

(3) Sna himthosca sin, chaibidligh an Fhrainc comhaontú trasteorann leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 14 de Threoir 2012/34/AE maidir le deimhnithe sábháilteachta. Ina theannta sin, chaibidligh an Fhrainc comhaontú den sórt sin maidir le ceadúnais gnóthas iarnróid, mar a cuireadh in iúl don Choimisiún an 10 Samhain 2020 agus a cuireadh i dtábhacht in aithris (9) de Chinneadh (AE) 2020/2222. Maidir leis na nósanna imeachta inmheánacha a cheanglaítear faoi dhlí an dá Pháirtí i ndáil le cur i bhfeidhm sealadach nó teacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin, táthar ag súil go mbeidh 6 mhí ann sula dtabharfar i gcrích iad tar éis an 30 Meán Fómhair 2021, dáta éaga na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2222.

(4) Gan dochar don mheasúnú agus do na cinntí atá le déanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 14(4) agus (5) de Threoir 2012/34/CE, is ionstraimí iomchuí iad an dá chomhaontú trasteorann sin chun an nascacht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a áirithiú. Mar sin féin, mura gcuirtear síneadh le tréimhse bhailíochta na gceadúnas agus na ndeimhnithe sábháilteachta dá dtagraítear in aithris (1) chun gur féidir na comhaontuithe sin teacht i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go sealadach, tiocfaidh deireadh le hoibríochtaí na ngnóthas iarnróid lena mbaineann i Nasc Seasta Mhuir nIocht an 30 Meán Fómhair 2021, rud a chuirfidh isteach go mór ar iompar paisinéirí agus lasta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

(5) Dá bhrí sin, is é leas an Aontais é síneadh a chur le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin go dtí an 31 Márta 2022 trí Rialachán (AE) 2020/2222 a leasú.

(6) I bhfianaise na práinne atá i gceist le dul in éag na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/2222, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

---

le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta, IO L 164, 30.4.2004, lch. 44, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh

12 Cinneadh (AE) 2020/1531 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar forlíonadh ar an gConradh idir an Fhrainc agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le Tógáil agus Oibriú Nasc Seasta Mhuir nIocht a dhéanann Lamháltóirí Príobháideacha a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích, IO L 352, 22.10.2020, lch. 4

(7) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon Rialachán (AE) 2020/2222 a leasú agus bearta sealadacha a leagan síos maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus nascacht iarnróid i dtaca le deireadh na hidirthréimhse, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 2:

‘Na deimhnithe sábháilteachta dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 1(2), beidh siad fós bailí go ceann 15 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

Leanfaidh ceadúnais dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 1(2) de bheith bailí go ceann 15 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(2) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Scoirfidh an Rialachán seo d’fheidhm a bheith aige an 31 Márta 2022.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*